An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

# OIFIGEACH RIARACHÁIN AIRGEADAIS – GRÁD VII

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta a oibríonn leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla, le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fís na Gníomhaireachta córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn. Déanann sí sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun seachadadh réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sheachadadh do chách frámaithe faoi thrí théama leathana:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- An bhearna idir soláthar agus éileamh maidir le tithíocht a líonadh; agus
- Toilleadh a fhorbairt maidir le tithíocht.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear. scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne.
- Tithe a fháil agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta.
- An ciste Croí Cónaithe (Cathracha) a bhainistiú.
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla a thabhairt d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar.
- Meastóireacht airgeadais ar na hiarratais a dhéanann CTCanna ar mhaoiniú.
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú.
- Morgáiste go Cíos.
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas.
- Na Scéimeanna um Leasúchán Piríte agus Bloic Choincréite Fhabhtacha
- Ceannach, forbairt agus bainistiú talún.
- Frithghealladh Iasachta.
- Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta.
- Taighde agus Anailís.
- Comhairle Beartais.

Tá tuilleadh eolais faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag iarraidh ról nuachruthaithe an **Oifigigh Riaracháin Airgeadais Grád VII** a líonadh faoi láthair laistigh dá Roinn Airgeadais.

Ba mhaith linn bualadh le daoine a bhfuil an treallús, an uaillmhian, agus an díograis go smior iontu le teacht ar bord linn mar bhall d'fhoireann atá ag méadú léi i gcónaí. An té a bheidh i mbun an róil seo, caithfidh sé nó sí a bheith ceannasach cruthaitheach, in ann dul i gcion ar dhéanamh cinntí agus bua a bheith aige nó aici maidir le baill foirne a bhainistiú agus a spreagadh. Is dlúthchuid den ról seo scileanna láidre bainistithe airgeadais, rialachais agus cumarsáide a bheith ar do thoil agat.

Tacófar leis an ról seo le haonaid ghnó d'fhonn luach straitéiseach a chur chun cinn agus maoirseacht a dhéanamh ar fheabhsú leanúnach don Stiúrthóireacht Airgeadais. Ar na chéad rudaí a bheidh le déanamh ag an té a cheapfar beidh bainistiú a dhéanamh ar Chóras Bainistíochta Airgeadais nua a dhearadh, a thógáil agus a chur i bhfeidhm ar fud na Gníomhaireachta.

Pléann an Rannóg Airgeadais le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a chistiú sa ghearr- agus san fhadtéarma, lena n-áirítear buiséad oibríochtúil bliantúil de €20 milliún agus caiteachas ar chláir de €2 bhilliún.

Tá an post seo bunaithe in oifigí na Gníomhaireacht Tithíochta i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

**Oifigeach Riaracháin Airgeadais Grád VII**

Tuairisceoidh an t-iarrthóir rathúil do Cheannasaí Airgeadais, nó d'aon duine eile den sórt sin a fhéadfar a shannadh.

Mar bhall foirne, beifear ag súil go gcuirfidh sealbhóir an phoist go gníomhach le forbairt fhoriomlán na Gníomhaireachta Tithíochta agus go nglacfaidh sé páirt inti agus go gcuirfidh sé a cuid beartas chun cinn i gcónaí agus go gcloífidh sé le luachanna na Gníomhaireachta Tithíochta: https://www.housingagency.ie/publications/strategy-annual-report.

## Príomhfhreagrachtaí

- A bheith i gceannas ar Chóras Bainistíochta Airgeadais nua a dhearadh, a thógáil agus a chur i bhfeidhm agus an obair sin a bhainistiú.
- Aon fhorbairt, comhtháthú nó uasghrádú a dhéantar ar an gcóras amach anseo a mhaoirsiú.
- Próisis tuairiscithe airgeadais agus rialuithe airgeadais a fhorbairt ar bhonn leanúnach (lena n-áirítear PTFanna a fhorbairt, a uathoibriú, a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu).
- Feidhmiú mar Thacaíocht Airgeadais ar chláir chlaochlaithe.

- Léargais agus moltaí maidir le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht a chur ar fáil, lena soláthraítear torthaí a bhfuil tionchar acu.
- Dlús a chur le próisis oibríochtúla agus bainistiú priacal a fheabhsú agus a chaighdeánú.
- Comhpháirtí ghnó agus tacaíocht a thabhairt d'fhoirne oibríochtúla éagsúla.
- Anailís airgeadais agus tacaíocht a thabhairt don Phríomhoifigeach Airgeadais, don Cheannasaí Airgeadais agus do Cheannasaithe Feidhmeanna chun an bealach a réiteach do thionscnaimh straitéiseacha agus do ghníomhaíochtaí oibríochta a chur i gcrích.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt, ar oiliúint, agus ar bhainistíocht athruithe le linn do bheartais agus do nósanna imeachta airgeadais nua a bheith á gcur i bhfeidhm.
- Aighneachtaí rialála tréimhsiúla don mháthair-roinn a chur i gcrích.
- Tacaíocht a thabhairt don phróiseas iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh.
- Bheith in ann ionadaíocht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar leibhéal sinsearach nuair is gá.
- Dualgais eile de réir mar is gá.

**Eolas agus Scileanna:** I measc an eolais agus na scileanna a bheidh de dhíth ach gan iad a bheith teoranta do na nithe sin amháin, tá:

- Duine thar a bheith beacht a bhfuil súil ghéar ar mhionsonraí aige nó aici chomh le scileanna uimhearthachta láidre.
- A bheith cumasach i mbun córais agus feidhmchláir TF a úsáid, Excel agus bogearraí cuntasaíochta san áireamh.
- A bheith cleachta le próisis iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh.
- Ba cheart scileanna láidre anailíseacha, fadhbréitigh, agus léirmhínithe a bheith ag an té a cheapfar, é nó í in ann smaoineamh go straitéiseach agus breithiúnas grinn a thabhairt ar shaincheisteanna casta.
- Scileanna láidre scríofa agus bua ó thaobh cumarsáide labhartha de a bheith aige nó aici chomh maith le bheith in ann dul i gcion ar réimse leathan páirtithe leasmhara agus plé go héifeachtach leo.
- Cur amach a bheith aige nó aici ar rialuithe agus ar rialachas.
- A bheith in ann cúpla rud a dhéanamh ag an am céanna, chomh maith le héilimh atá ag teacht salach ar a chéile a bhainistiú agus obair go héifeachtach de réir spriocdhátaí.
- A bheith in ann próisis agus nósanna imeachta a mheas go criticiúil, feabhsuithe a shainaithint agus athruithe a bhainistiú go héifeachtach.

## Bunriachtanais

- Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir rathúil:
  - Cáilíocht tríú leibhéal nó cáilíocht ghairmiúil choibhéiseach ar Leibhéal 7 NFQ (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí) ar a laghad sa Chuntasaíocht, sa Ghnó, nó i ndisciplín gaolmhar.

    **nó**
  - 5 bliana ar a laghad a bheith caite aige nó aici ag obair le príomhfheidhm airgeadais lena n-áirítear:
    - Fianaise infhíoraithe d'anailís airgeadais a chur ar fáil chun tacú le cinnteoireacht.

- Taithí ar chóras a chur i bhfeidhm nó a uasghrádú, bainistiú athruithe ar fud eagraíochta san áireamh.
- Taithí ar bheith ag gabháil do rialuithe airgeadais do nósanna imeachta a fheabhsú.
- Maoirseacht ar an bhfoireann.

## Riachtanais inmhianaithe

- Ball de chomhlacht gairmiúil cuntasaíochta.
- Eolas / Taithí ar obair a dhéanamh san Earnáil Phoiblí.
- Fianaise ar thionscadail agus ar spriocanna inghnóthaithe a chur i gcrích ó choincheap go céim an fheidhmithe.

## Inniúlachtaí

- **Torthaí a Bhainistiú agus a Bhaint Amach -** déanfaidh sé nó sí bainistíocht rathúil ar réimse tionscadail agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla ag an am céanna.
- **Anailís agus Cinnteoireacht -** bailíonn agus anailísíonn sé/sí eolas ó fhoinsí ábhartha, cibé acu airgeadais, uimhriúil nó eile, agus réimse tosca criticiúla á mheas.
- **Ceannaireacht Foirne -** treoraíonn sé/sí an fhoireann trí shampla, ag cur oiliúint ar dhaoine aonair agus ag tacú leo de réir mar is gá.
- **Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide –** cothóidh agus coinneoidh sé nó sí caidrimh le príomhpháirtithe leasmhara le linn dó nó di obair laistigh d’fhoirne éagsúla fad is a bheidh sé nó sí i mbun tuarascálacha á ullmhú agus a chur i láthair do phríomhpháirtithe leasmhara.
- **Saineolas** – beidh buneolas aige/aici ar chuntasaíocht don earnáil phoiblí agus ar bhainistiú airgeadais chomh maith le bheith an-chumasach ó thaobh scileanna anailíseacha, coincheapúla agus réitithe fadhbanna de.

## Scála Tuarastail - Scálaí d’Oifigigh Riaracháin ÚÁ

€58,252 - €59,677 - €61,341 - €63,011 - €64,680 - €66,172 - €67,700 - €69,179 - €70,656
BFS1 €73,185
BFS2 €75,728

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.** D’fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú faoi láthair.

## Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d’iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D’fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d’iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
f) Saoránach neamh-AE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis, agus atá ina gcónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais – Dé Céadaoin, an 15ú Eanáir 2025 ag 12.00 meán lae.**

Beidh agallaimh don phost seo ar siúl ar an 24ú Eanáir 2025 inár n-oifigí ag 53 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh na dátaí seo a bheith faoi réir athrú.

**Nós Imeachta an Iarratais**

- Cuir isteach litir chumhdaigh agus CV cuimsitheach le do thoil (nach faide ná 3 leathanach) chuig recruitment@housingagency.ie.
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta deiridh agus na huaire deiridh.
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh an duine as an bpost tar éis é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.